



Innealtóireacht

Nuachtlitir JCT4

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a **spregadh**, **cabhrú leo** agus **iad a chumasú** agus oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á leasú ó bhonn.



2022/2023 FGL

Sa scoilbhliain reatha, tá FGL curtha ar fáil ag an bhFoireann Innealtóireachta do gach múinteoir Innealtóireachta cláraithe ar fud na tíre. Tá súil againn gur bhain tú taitneamh agus tairbhe as na seisiúin. Táimid ag forbairt na n-ábhar do lá CPD na bliana seo chugainn faoi láthair. Táimid ag tnúth le bualadh leat arís sa bhliain amach romhainn.

MRB 2 – Taighde agus Forbairt

D'fhógair an CNCM téama MRB 2 Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí a chuirfear i gcrích le linn tréimhse trí seachtaine den chéad téarma sa bhliain acadúil nua.

MRB 2: Clliceál anseo do théama 2022/2023

Sonraí téama

Tá cáipéis againn Breithnithe tábhachtacha, ina leagtar amach roinnt faisnéise agus céimeanna is féidir a ghlacadh le haghaidh Measúnuithe Rangbhunaithe a bheadh úsáideach agus sibh ag tabhairt faoin bpróiseas. Tá an doiciméad seo, agus tacaí eile do na Measúnuithe Rangbhunaithe, ar fáil [anseo](#)

Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, ba mhaith linn fáilte a chur romhaibh chuig an 11ú eagrán de Nuachtlitir Innealtóireachta JCT4, 'Eagrán an tSamhraidh 2022'. Bliain ghnóthach a bhí ann do mhúinteoirí Innealtóireachta agus muid ag athchalabhrú ár straitéisí teagaisc ó ré COVID ar ais ina gceardlanna gan mhascanna, sin uile agus na scoláirí á dtreorú againn go deireadh a dturais Innealtóireachta sa tSraith Shóisearach. Anois agus sibh ag ullmhú le haghaidh scith an tsamhraidh, seo daoibh roinnt nuashonruithe agus faisnéise ó fhoireann Innealtóireachta JCT4.



Gearradh Léasair Éifeachtach - Roghnach 2022


Le himeacht an téarma seo caite, chomhoibrigh foireann JCT4 le OTA Chonamara (ar a dtugtaí GMIT Leitir Fraic roimhe seo) chun modúl roghnach a léiriú agus a sheachadadh ar an bpróiseas gearrtha Léasair. Seachadadh an cheardlann roghnach thar thrí Mháirt as a chéile. Glacadh go han-dearfach leo agus ní raibh aon áit fágtha sna ceardlanna thar na trí oíche.

I seisiún a haon, dhírigh John McGuinness ó OTA Chonamara ar na bunrudá a bhaineann leis an meaisín Léasair a úsáid amhail gnáthchothabháil agus glanadh agus úsáid éifeachtach CoreDRAW chun leaganacha amach a ghiniúint.

I seisiún a dó, rinne Thomas Sheppard iniúchadh ar úsáid AutoCAD chun céimseata veicteora a ghiniúint do chomhpháirteanna. Rinne sé iniúchadh freisin ar shocrúithe líne-mheáchain chun críche oibríochtaí greanta agus gearrtha.

Thug seisiún a trí deis do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i bplé ábharbhunaithe faoi stiúir éascaitheora chun féidearthachtaí a fhiosrú ar fhoghlaim scoláirí agus ar chleachtas ceardlainne a fheabhsú. Taispeánadh eiseamláirí ó gach ábhar ar an oíche.

Tá físeáin chuimsitheacha teagaisc ó gach seisiún curtha le chéile agus tá siad le feiceáil sa rannán [ceardlanna roghnacha](#) ar shuíomh gréasáin [an SSM](#).



Priontáil I-Form agus 3T

Tar éis an seisiúin roghnach ar phriontáil 3T a chríochnú, i gcomhpháirtíocht le I-Form agus 3T WIT, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí go léir a ghlac páirt i mbliana. Chun an clár a chríochnú, reáchtáladh trí cheardlann aghaidh ar aghaidh i gcampas OTA na Gaillimhe, campas SETU Phort Láirge, agus I-Form ar campas Choláiste na hOllscoile BÁC. Thug na ceardlanna sin deis do mhúinteoirí teacht le chéile, taithí a fháil ar roinnt foghlaim nua ar fhéidearthachtaí priontála 3T agus a gcuir chuige oideolaíocha a roinnt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as priontáil 3T sa rang. Bronnadh printéir 3T ar thrí cinn de na scoileanna rannpháirteacha. Déanaimid comhghairdeas leis na scoileanna agus guímid gach rath orthu ar a dturas priontála 3T.





Cainéal Podchraolta Láimhe

Meabhrúchán go bhfuil ár gcainéal podchraolta féin againn ar Soundcloud, atá ar fáil [anseo](#). Sa phodchraoladh is déanaí, labhair muid le Mike Kelly agus Paul Quinn ón bhfoireann 3T agus I-Form ag W.I.T. Plé a bhaineann leis na forbairtí i dteicneolaíocht priontála agus fréamhshamhaltaithe 3T, conas a chabhraíonn sé le dearadh sa cheardlann agus freisin inar féidir le priontáil 3T an próiseas dearaídh a fheabhsú.



Cumarsáid




[@Jct4ed](#)



[Mailing List](#)

Seimineár Gréasáin an Earraigh - Cruthaitheacht a Thaispeáint san Innealtóireacht

Sa seimineár gréasáin is déanaí againn, rinne an fhoireann Innealtóireachta iniúchadh ar dheiseanna do scoláirí a bheith cruthaitheach ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach nua-aimseartha san ábhar seo againn. Ag úsáid DASanna inrochtana, chuaigh scoláirí i mbun gníomhaíochtaí a thug deis dóibh feidhmchláir DASanna a aithint agus iad á rialú chun seicheamh soilsithe a chruthú. Ansin d'úsáid scoláirí a gcuid scileanna cruthaitheachta agus bogearraí ríomhaireachta féin chun iarmhairt soilsithe a chruthú d'fheidhm ar leith, sa chás seo feithicil éigeandála. D'úsáid Comhaltáí SSM cur chuige comhtháite chun eispéireas foghlama a struchtúrú ina ndearna scoláirí iniúchadh ar fheidhmchláir nua-aimseartha na teicneolaíochta agus inar fhoghlaim siad modhanna chun gnéithe cruthaitheacha a chur lena gcuid oibre in eispéireas barántúil ón saol fíor. Faightear [anseo](#) taifeadadh den seimineár gréasáin, agus is féidir teacht [anseo](#) ar na bileoga ina bhfuil straitéisí pleanála chun DASanna inrochtana a úsáid.



Innealtóireacht sa saol inár dtimpeall

Is eagraíocht chomhshaoil innealtóireachta neamhbhrabúis é an Glantachán Aigéin atá lonnaithe san Ísiltír, a fhorbraíonn teicneolaíocht chun truailliú plaisteach a bhaint as na haigéin agus é a idirghabháil in aibhneacha sular féidir leis an t-aigéan a bhaint amach. Go déanach i mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhógair Glantachán Aigéin tionscnamh nua, an tIdircheapóir, chun dul i ngleic le fadhb an bhruscair níos gaire don fhoinsé, le pleananna chun cosc a chur ar 80% den dramhaíl a thagann ó aibhneacha ar fud an domhain.



Is córas uathoibríthe grianchumhachtaithe é an tIdircheapóir a dearadh chun dramhaíl a ghabháil agus a bhaint. Treoraíonn bacainní ar snámh sreabhadh an uisce chun bruscar a threorú i dtreo oscailt an Idircheapóra agus a fhad le crios iompair, a sheachadann dramhaíl chuig an tointeáil. Cuireann an tointeáil an dramhaíl isteach go cothrom i gceann de shé bhosca bruscair de réir braiteoirí. Nuair a bhíonn na boscaí bruscair lán, folmhaítear iad agus seachadtar an dramhaíl chuig saoraidí bainistithe dramhaíola áitiúla.

Roinnt torthaí foghlama féideartha a bhaineann leis an tionscnamh seo: 1.4, 1.5, 1.7

Inbhuanaitheacht sa Seomra Innealtóireachta

Gineann ábhair theicneolaíochtaí i scoileanna ar fud na tíre an-chuid ábhair dhramhaíl pholaiméire gach bliain. Ag teacht i dtreo dheireadh na scoilbhliana, b'fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar úsáid ábhair ar nós:



- Cad iad na guaiseacha a bhaineann le dramhaíl pholaiméire?
- Cad iad na straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid sa cheardlann chun an méid dramhaíl pholaiméire a chruthaítear a laghdú?
- Cad iad na straitéisí a úsáideann tú/a d'fhéadfá a úsáid chun a chinntiú go ndéantar an fuíollábhar a athúsáid nó a athchúrsáil go cuí?
- Conas a dhéanfaí guth an scoláire a mhealladh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo?

Nuacht agus Imeachtaí

Lean ort ag spreagadh do chomhghleacaithe clárú le nuachtlir Innealtóireachta Jct4 tríd an liosta seoltaí ar dheis. Féach ar an gcluaisín [nuachta agus imeachtaí](#) againn laistigh de rannán na dTeicneolaíochtaí den [jct.ie](#) agus lean muid ar an leathanach Twitter [@Jct4ed](#) againn. Ná bíodh drogall oraibh teagmháil a dhéanamh le haon bhall den fhoireann le bhur gcuid ceisteanna trí ríomhphost a sheoladh ar leathanach baile [jct.ie](#).

Gach rath ar laethanta saoire an tsamhraidh,
Le dea-mhéin,
Foireann Innealtóireachta Jct4.